2025/1278

26.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1278 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha ([1]) na Rúise, agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2642.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus gníomhaíochtaí urchóideacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha á gcáineadh aige.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart duine nádúrtha amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2642 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

([1]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642, faoin gceannteideal ‘A. Daoine Nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘38.	Nathalie YAMB	Dáta breithe: 22.7.1969 Áit bhreithe: La Chaux-de-Fonds, an Eilvéis Náisiúntacht: Eilvéiseach agus Camarúnach Inscne: baineann	Is tionchaire meán sóisialta í Nathalie Yamb. Ó bhí cruinniú mullaigh Sochi ann in 2019, inar ghlac sí páirt, tá Nathalie Yamb ag tacú go neamhbhalbh leis an Rúis, tá teanga Mhoscó glactha aici agus bíonn sí ag díriú go háirithe ar an bhFrainc agus ar an Iarthar, d’fhonn iad a ruaigeadh ó mhór-roinn na hAfraice. Tá naisc shonracha aici le AFRIC, eagraíocht atá bainteach le cuideachtaí míleata príobháideacha na Rúise. Dá bhrí sin, tá Nathalie Yamb ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i roinnt dá Bhallstáit, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí ionramháil ar fhaisnéis a úsáid.	26.6.2025’.